CONAIRÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

poistphoiblí
publicjobs

Ag breathnú ar an Dréimire Gairme

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/daltaí ATF/daltaí GCAT

Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

- Beidh tuiscint ag daltaí ar ghairmeacha agus ar phoist
- éagsúla.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar na hearnálacha ginearálta
- ón staidéar gairmthreorach atá déanta acu.
- Beidh a fhios ag daltaí conas taighde iontaofa a
- dhéanamh.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar na naisc idir réimsí spéise agus róil.
  Beidh a fhios ag daltaí conas post san earnáil phoiblí a aithint agus cuardach gairme á dhéanamh acu ar CareersPortal.ie.
  Beidh tuiscint ghinearálta ag daltaí ar choincheap an dréimire gairme.

Acmhainní:

- PC Ríomhaire
- Teilgeoir
- Suíomh gréasáin Publicjobs.ie
- Clár Bán
- Bileoga oibre faoi róil nó gléasanna chun teacht ar chonairí gairme ar publicjobs.ie

Cuspóirí Foghlama:

- Gheobhaidh tú tuiscint ar an tábhacht a bhaineann leis an bpointe iontrála ar an aistear gairme (maidir le hoiliúint agus hoideachas). Déanfaidh tú nasc idir
- pointí iontrála agus conairí gairme éagsúla san earnáil phoiblí. Aithneoidh tú na conairí dul chun
- cinn agus an grádlathas sa státseirbhís. Gheobhaidh tú tuiscint ar shamplaí réadúla de
- chonairí dul chun cinn agus den ghrádlathas sa státseirbhís.

Céimeanna an Cheachta:

1. Bain úsáid as an sleamhnán chun plé a dhéanamh ar an ‘dréimire gairme’. Cad atá ar eolas againn faoi? Seisiún tobsmaointeoireachta.

2. Mínigh coincheap an dul chun cinn gairme agus go bhfuil sé ar fáil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. De ghnáth, tarlaíonn dul chun cinn gairme go nádúrtha le linn an tsaoil, de bharr taithí agus foghlama. Nuair a bhaineann tú sult as ról agus nuair atá ról dúshlánach, déanfaidh tú iarracht teacht ar dheiseanna agus beidh an deis agat tú féin a fhorbairt go pearsanta agus go gairmiúil.

3. Déan plé ar choincheap an ‘dréimire gairme’ san earnáil phoiblí. Mínigh nach ann ach teimpléad agus go mbíonn ‘dréimirí’ éagsúla i bhfeidhm i ranna áirithe; ach gur féidir leas a bhaint as coincheap an ‘dréimire’ chun plé a dhéanamh ar gach gairm agus gach ról. Tosaíonn tú ait éigin ar an ‘dréimire’ agus ‘dreapann’ tú suas! Faigheann tú tuilleadh pá, taithí agus freagrachta de réir mar a ‘dhreapann’ tú.

4. Déan plé gearr ar na grúpaí éagsúla laistigh den earnáil phoiblí.

   a. An Státseirbhís, m.sh. Oifigeach Cléireachais
   b. Gairmiúil agus Teicniúil, m.sh. Innealtóir, Ailtire
   c. An tSeirbhís Phoiblí, m.sh. Garda, Múinteoir

poistphoiblí publicjobs

Ag breathnú ar an Dréimire Gairme

5. https://www.publicjobs.ie/ga/scoileanna breathnaigh ar an nasc seo ar an gclár, roghnaigh conair ghairme randamach agus déan plé/anailís ar scéal an duine.

6. Iarr ar na daltaí an bhileog oibre a oscailt, agus léigh treoracha an taisc leo. Mínigh dóibh go mbeidh úsáid á baint acu as an nasc/na bileoga priontáilte faoi charachtair chun an tasc bailithe eolais seo a chríochnú (ina n-aonar nó i mbeirteanna).

7. Cuir na daltaí i ngrúpaí agus tabhair róil dóibh. Bain úsáid as leagan priontáilte nó socraigh gléasanna do na grúpaí. Mínigh go mbeidh am ag gach grúpa/dalta an bhileog oibre a chomhlíonadh. Ba chóir d'urlabhraí do gach grúpa sonraí an róil agus an obair mhachnaimh a chur i láthair don rang.

8. Bain úsáid as an Sleamhnán dar teideal 'Pléigh!' leis an ngrúpa chun eolas a fháil faoin méid a d'fhoghlaim na daltaí agus chun é seo a dheimhniú (má tá an t-am agat).

9. Faigh amach an bhfuil suim ag an ngrúpa ann.

IONTRÁIL MAR CHÉIMÍ

Ard-Rúnaí

Rúnaí Cúnta

Príomhoifigeach

Príomhoifigeach Cúnta

Oifigeach Riaracháin

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Oifigeach Feidhmiúcháin

BUNLEIBHÉAL

Oifigeach Cléireachais

poistphoiblí publicjobs